

Is ionann na Gnéithe Cáilíochta agus critéir a leagtar síos chun leibhéal gnóthachtála scoláire amheas i Measúnú Rangbhunaithe (MRB). Anseo thíos, tá cur síos ar na Gnéithe Cáilíochta don Imscrúdú Staitisticiúil.

Na Gnéithe Cáilíochta don Imscrúdú Staitisticiúil	Níor chomhlíon na hionchais go fóill	Ag teacht leis na hionchais	Os cionn na n-ionchas	Thar barr ar fad
An t-imscrúdú a cheapadh	Úsáidtear ceist staitisticiúil a tugadh don scoláire agus modh bailithe	Cuirtear ceist a bhíonn ag súil le hinathraitheacht agus beartaítear na cineálacha sonraí atá oiriúnach don cheist a cuireadh a bhailiú/a aimsiú	Cuirtear ceist a bhíonn ag súil le hinathraitheacht agus a lorgaíonn ginearálú; léirítear feasacht sa phlean bailithe sonraí ar an gcaoi a n-imríonn inathraitheacht tionchar ar chomh bailí agus chomh hiontaofa agus atá na torthaí	Cuirtear ceist a bhíonn ag súil le hinathraitheacht agus a lorgaíonn ginearálú, eascróidh torthaí iontaofa agus bailí as ceapadh an staidéir chomh fada agus is praiticiúil trí inathraitheacht agus athróa maolaithe a chur san áireamh
Na hathróa inspéise a shainaithint	Bailítear agus taispeántar sonraí	Sainaithnítear athróa agus forbraítear straitéis tomhais chun an athróg spleách agus an athróg neamhspleách a thomhas	Eascróidh sonraí bailí agus iontaofa as an straitéis tomhais a roghnaítear	Déantar cur síos ar an ngaol atá idir na hathróa agus déantar cur síos ar nithe a cuireadh san áireamh ar mhaithe le hiontaofacht agus le cothroime
Na sonraí a eagrú agus a bhainistiú	Déantar ráitis faoi na sonraí a thaispeántar	Taispeántar na sonraí ar bhealach a shainaithníonn patrúin, sainaithnítear patrúin agus déantar cur síos ar na sonraí i dtéarmaí na bpatrún sin	Úsáidtear taispeántais sonraí chuí agus déantar cur síos ar na sonraí i dtéarmaí tomhais an láir agus an leata	Úsáidtear dáiltí chun anailís a dhéanamh ar na sonraí agus cosnaítear tomhais an láir a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na sonraí
Achoimrí ar na sonraí a anailísiú agus a léirmhíniú	Ní dhéantar aon nasc nithiúil leis an gceist bhunaidh	Déantar nasc nithiúil le ceist bhunaidh an imscrúdaithe ach ní bhreathnaítear lasmuigh de na sonraí	Tuairiscítear ar na torthaí agus tagraítear don cheist bhunaidh sa chonclúid agus déantar iarracht sa chonclúid breathnú lasmuigh de na sonraí	Léirmhínítear na sonraí i ndáil leis an gceist bhunaidh; léirítear tuiscint sa chonclúid ar na srianta a bhaineann le ginearálú don daonra, agus meastar an gá atá leis an gceist bhunaidh a athcheapadh i bhfianaise na dtorthaí